

SGÉALTA CHONDAE

MHUIGHEO

MAC RÍ AGUS A LEAS-MHÁTHAIR

Rí ar cailleadh a bhean agus ar fhág a bhean mac aige. Phós sé aríst. Bhí clann ag an dara bean. Ní raibh an ceart céadna dá fhágail ag an gcéad mhac agus a bhí ag an gclann eile. Bhíodh an leas-mhac agus na dreatháiracha óga a' guil ar sgoil. Bhí an leas-mhac go fann gach maidin mar bhíodh an leas-mháthair a' caitheamh droch-chinn leis. Bhíodh sé go croidheamhail trathnóna – bhíodh barr croidhe aige – mar chídhtí dhó go raibh sé chomh maith le gasúr ar bith. D'éirigh an draoidheadóir roimhe lá agus d'fíafuigh sé de cén t-ughdar a bhí aige le bheith mar sin. D'innis sé dhó. Bhí cúirt ag an draoidheadóir sa talamh futha. Thug sé síos chuile lá é agus thug trí bhéile dhó.

D'iarr an draoidheadóir air lá fanacht ón sgoil. Bhí na draoidheadóir le marbhú an lá seo. Rinne sé tarbh nimhe de féin. Bhí tarbh eile a' teacht lena mharbhú.

Tháinig an tarbh mór agus mharbhuigh sé an tarbh beag (an draoidheadóir). Bhí puisíní an tairbh bhig pléasgtha. Chuaidh mac an Rí le lá dhá bhos uisge le cuimilt dá bhéal. Íocshláinte a thug sé leis in áit uisge. D'éirigh an tarbh beo. Dubhairt sé leis an mac rí na cheithre iallacha a bhaint dá dhruim, na hiallacha a d'fhóghnóchadh dó is gach gábhadh. Bhí se ráidhte ag an draoidheadóir leis iad seo a ghearradh dá dhruim nuair a bheadh sé ina tharbh agus marbh. Ní raibh súil ag an draoidheadóir go ndéanfaidh sé beo é. D'éirigh sé beo. Dubhairt sé an mac rí na hiallacha a bhaint. Bhain. Dubhairt an tarbh leis annsin cúl a thabhairt don bhaile, gan filleamhaint choidhche ach imtheacht ar thóir máighistir.

D'imthigh.

Castar rí leis. Rinne an mac rí aimsir leis. Ag tabhairt aire do bheithidhigh a bhí sé. Mharbhuigh sé fathach agus fuair Claidheamh Soluis. D'airigh an rí géim de thrí ghéim na bhfathach a bheith ar iarraidh.

An dara lá mharbhuigh sé fathach eile. An oidhche sin níor airigh an rí ach aon ghéim amháin. An tríomhadh lá mharbhuigh sé fathach eile agus an oidhche sin níor airigh an rí géim fathaigh ar bith. Bhí fairsinge mhór bainne ag na ba de bharr a bheith a ngarrdha na bhfathach.

Bhí inghean an rí le slugadh ag péist fairrge ar an gceathramha lá. Bhí sí i gcathaoir óir ar bhrúach na fairrge agus cathaoir airgid le n-a hais. Tháinig mac an rí, culaidh an fhathaigh air, each an fhathaigh eile agus an Claidheamh Soluis. D'éirigh sise agus shuidh sí sa gcathaoir airgid. Shuidh seisean sa gcathaoir óir. Leag sé a cheann ar a hucht. Dubhairt léithe nuair a d'fheicfeadh sí corruige sa bhfairrge an ribe tuaithbhill i gcúl a chinn a tharraingt agus go ndúiseochadh sé. Rinne.

D'éirigh sé de de léim ar an each. Sgiob sí bútais dá chois. Throid sé an phéist gur imthigh sí.
D'imthigh sé féin ar an each.

An dara lá bhí an phéist le teacht arís. Tháinig mac an rí. Nuair a bhí sé ina chodladh a' feitheamh leis an bpéist bhain inghean an rí píosa as a chóta. Throid sé an phéist arís go dtug sí an fhairrge mhór uirthé féin. D'imthigh sé arís ar an each.

An tríomhadh lá chuir sé air culaidh an fhathaigh mhóir. Nuair a bhí sé ina chodladh bhain an óigbhean dlaoi dá ghruaig agus chuir sí ina sparán é. Mharbhuigh se an phéist an lá seo agus dimthigh sé leis leis ar an each.

Chuir an rí gairm-sgoile amach. Phósfadh sí an fear a bhfeilfeadh an bhútais dó. Chuaidh beirt fhear leis an rí ag iarraidh ar stócach na mbó teacht. Bhain sé barr na dteangadh díobh. Ní raibh siad i ndon labhairt labhairt nuair a d'fhill siad. Tháinig máighistir na bhfear dá iarraidh. Tháinig sé leo. D'fheil an bhútais dó agus an píosa dá chóta. Pósadh iad.

Ní fhanfadh sé ag an rí. Tháinig sé go dtí áit na bhfathach. Bhí máthair na bhfathach roimhe. Chuir sí troid air. Nuair ba chruaidh di ghlaoidh sí ar na cait. Cheangail na hiallacha í féin agus na cait agus mharbhuigh sé iad.

AN GADAIDHE DUBH Ó DUBHÁIN

Rinne sé comhairle ar phósadh. Chuile shórt dar chóir do chlann ríogh a bheith foghlumtha aca.

Pacán chailleach na gcearc – ba é a líonadh.
Lomraí seacht gcéad caorach ar feadh seacht mblian.
Má tá sé os cionn a chos
Shéid an dá chailligh ortha dá milleán.
Tuagh cúl-reamhar béal-tanaidh
Más greann do ghreann is gránna é do ghreann
Spreag sí amach mé.

Casadh teach liom a bhí lán de chasóga agus chaith mé mo chasóg ann.
Casadh teach liom a bhí lán de bhróga agus chaith mé mo bhróga ann.

AN GADAIDHE DUBH Ó DUBHÁIN

Rí in Éirinn a phós. Triúr mac aige. Cailleadh a bhean. Phós sé arís. Bhí an triúr mac curtha go dtí oileán fairrge aige sul ar phós sé. Níor innis sé don dara bean go raibh sé pósta cheana.

Nuair a bhí an bhanrioghan le riocht an chéad duine cloinne thuit sí ar an talamh lá agus mhallachtaigh cailleadh na gcearc í. Labhair sí le cailleadh na gcearc. D'innis sí don bhanrioghan go raibh an rí pósta roimhe sin, go raibh triúr mac aige. Lig an bhanrioghan tinneas bréige uirthé féin gur chuir an rí fios ar an triúr mac. Chuaidh sí ag imirt cardaí leo. Chuir sí beirt aca faoi gheasa an mhaolabhar a bhí an in Albain a thabhairt chuite. Chuir an tríomhadh mac í féin faoi gheasa suidhe ar stól trí gcos ag bun tuir, punann coirce a chur ar an tor, gan aon bhiadh a chaitheamh ach a séidfeadh an ghaoth chuite ón bpunann go bhfillfeadh an bheirt ó Albain.

Imthigheann an triúr mac. Castar leis an nGaidhe Dubh iad. Insigheann sé dóibh cé hé féin, agus chuaidh sé go hAlbain leo. Rugthas ortha agus choinnigh Rí Alban iad. Thosuigh an Gaduidhe Dubh ag sgéalaidheacht don rí. D'innis sé dó na trí gábhaí ina raibh sé féin, an chaoi ar bhrúth sé madadh in áit leinbh don fhathach agus gur shábháil se an leanbh ach a ladhraicín agus an mháthair, agus na cailleadha ar ghoid sé an Claidheamh Soluis uatha.

Badh é Rí Alban féin an páiste a shábháil an Gaidhe Dubh ón bhfathach. Spáin an Rí a lámh dóibh. Bhí an ladhraicín bainte de. Sgaoil sé abhaile triúr mac Rí in Éirinn agus thug sé an mhaolamhar dóibh. Nuair a tógadh an geasa den leas-mháthair cailleadh í.

Antoine Ó Sírin a d'innis do M Ó Tiománaidhe sa mbliain 1903.

Níl sé ráidhte cén áit ar chomhnaigh Antoine.

Mártan an Bradáin Ghil agus Bosa Barrgheala

A' féachaint a fhortúin

Sul má dteighe sé chun spáróidheacht leat

Sul má dteighe tú chun lútha, chun gaisge nó chun catha leis

Coisg comhraic ort!

D'iarr sé aontigheas na hoidhche ortha

Chuimhnigh sé gur mhaith an áit ar fhág sé agus gurbh olc an áit a dtáinig sé.

Tá faitchíos orm thú fuireacht

Is minic gránna greannmhar agus dathúil dona

MÁRTAN AN BRADÁIN GHIL AGUS BOSA BARRGHEALA

(An Dómhadh Mac Déag ag Rí na hÉireann)

d'imthigh Mártan a' féachaint a fhortúin. Casadh isteach é ag an mbean a d'oil é. D'innis sé di go raibh sé ag dul ar thóir Bosa Barrgheala. Tá triúr dreathár aice – fathaigh. Tugann sí trí cácaí dó. Aithneochaidh na fathaigh ar na cácaí é. Cuirfidh an tríomhadh fathach ar an eolas é. Tagann Bosa Barrgheala dá hionnladh féin ar an oileán, i loch in aice leis an bhfathach. Teigheann Mártan de léim ar an oileán. Tagann na mná. Tógann Mártan a gcuid cochall nuair atá siad ar snámh. Tagann siad chuige. "Beidh sí seo agam" adeir sé leis an gcailín ba ghránna. Sí Bosa Barrgheala a bhí ann. Baineann siad píosa as gach cochall go ndéanann siad cochall do Mhártan. Eirigheann sé san aer leo ina eala.

Tagann siad go cúirt Rí. Comhairligheann sí dó aimsir a dhéanamh leis an rí agus go bhfanfadh sí féin in éinfeacht leis. Rinneadar. Tá sé faoi gheasa aice gan labahirt ar a hainm. An rí ag iarraidh ar Mhártan a inghean a phósadh. Triúr fathach a bhfuil stóras fíona aca. Marbhuigheann siad a dtagann ag iarraidh fíona. Mharbhuigh Mártan iad féin. Nuair a bhí an triúr fathach marbh aige chuaidh sé féin agus an rí leis an bhfíon. Bhain a rí cainnt as faoi Bhosa Barrgheala. Nuair a tháinig siad go dtí an seomra bhí Bosa Barrgheala imthighthe.

D'imthigh sé annsin ar each an fhathaigh mhóir. Casadh i gcúirt seanóra é. Tá gabhar sa teach. Teigheann sé chun sparna leis an ngabhar. Leagan an gabhar é. Tig fearg air. "Ná bíodh fearg ort" ar an seanóir. "Sin í an aois. Leagann an aois gach duine." D'imthigh an fhearg de annsin.

Lá ar na bhárach d'imthigh sé aríst. Casadh i gcúirt seanóra é. Tá molt sa teach. Leagann an molt é. Tig fearg air. "Ná bíodh fearg ort" ar an seanóir, "sin í an óige."

Lá ar an bhárach imthigheann sé aríst. Tagann sé chomh fada le fathach a bhfuil teach amhus aige. Tugann an fathach tuairisc dó ar Bhosa Geala, go bhfuil rí ar an Óileán Geal. Sí inghean rí an Oileáin Ghil í. Teigheann Mártan ar a each thar fairrge go dtí an t-oileán. Marbhuigheann se triúr fathach. Tá an Gaisgidheach Caoch Ruadh a' leigean air gurbh é féin a mharbhuigh na fathaigh. Ceannuigheann se na cloigne ó Mhártan. Ní maith le Bosa Barrgheala an Gaisgidheach Caoch Ruadh. Tagann Mártan go cúirt an Rí oidhche na bainse ina chócaire. Cuireann sé fáinne a thug Bosa Barrgheala dó, cuireann sé i bputóig é. Aithnigheann an rí an fáinne. Tugann sé Bosa Barrgheala dó.

Pádraic Ó Midhia Béal a' Mhuirthead 1903

AN SEARRACH GORM

Mac rí le banrioghan a bhí ann. Tiocfadh leis searrach a dhéanamh de féin nuair a thogróchadh sé é. Thug an t-athair do bhanrioghan na bruidhne é sul ar rugadh é. Thug an mháthair do Dhia é.

Chuala inghean rí an Domhan Thoir faoi agus thuit sí i ngrádh leis. Lig sí tinneas uirthé féin. Ní raibh a raibh de dhochtúirí sa tír i ndon í a leigheas. Tháinig fear bocht a rádh go mba dochtúr é. Leigeadh isteach é. Sagart a bhí ann ar baineadh an cead Aifrin de. Dubhairt sé gur i ngrádh a bhí sí. Bhí sé a' leiciméarach ag poll na heocrach doruis an tseomra gur chuala sé í a rádh gur leis an Searrach Gorm a bhí sí i ngrádh. Cuireann an rí fios ar an Searrach Gorm – litir. Tagann an Searrach Gorm go dtí an Domhan Thoir. Is maith le inghean an rí é a bheith ina fhear san oidhche agus ina shearrach sa lá. Is mar sin a bhí uaidh sin amach.

Bhí triúr fathach a' cur cath ar an rí. Mharbhuigh an Searrach Gorm iad. Bhi cochall aige. Thug sé an cochall d'inghin an rí le aire a thabhairt dó. Dá leigtí an solus air ní fheicfeadh sí an Searrach Gorm arís. An lá ar marbhuigheadh an tríomhadh fathach chaith an bhanrioghan (máthair) an cochall sa teine. Ní tháinig an Searrach Gorm ar ais.

Chuir an rí teach aoidheachta suas ag gach crosbhóthar in a ríoghacht. Fógra os cionn an doruis go raibh aoidheacht agus lóistín le fágáil ag gach duine a d'innseochadh sgéal – ar súil is go mbeadh an Searrach Gorm dá luadh i sgéal eicínt. An comóradh céanna do bhocht agus do shaidhbhir. Bhíodh inghean an rí í féin ag éisteacht leis an sgéalaidheacht agus san teach aoidheachta ba goire don chúirt.

I gceann lá agus bliain tháinig duine bocht thart. Ní raibh aon sgéal aige agus ní raibh sé de mhisneach aige a dhul isteach san teach aoidheachta. Luigh sé sair faoi sgáth crainn in aice leis an teach aoidheachta. Tháinig an Searrach Gorm go dtí é ina fhear breagh. Thug sé páipéar dó le tabhairt d'inghean an rí sa teach aoidheachta. Bhí sgríobhtha ar an bpáipéar biadh, deoch agus leabaidh a thabhairt dó agus gurbh é an Searrach Gorm a thug dó an páipéar. Chuaidh an fear bocht isteach. Thug an páipear d'inghin an rí. Choinnigh sí go maidin é agus ar feadh an lae gur innis sé di faoin Searrach Gorm. Trathnóna an lae chuaidh fear bocht agus agus inghean an rí amach faoin gcrann agus tháinig an Searrach Gorm. Bhí sé faoi dhraoidheacht ag banrioghan na bruighne. Dubhairt séle inghin an rí cuireadh a thabhairt d'uaisle na bruidhne neart fíona a thabhairt do bhanrioghan na bruidhne. Bronntanas a iarraidh uirthé – fáinne.

B'fhéidir go mbeadh an Searrach Gorm sa bhfáinne. Rinne sí sin. Tháinig uaisle na bruidhne. Thug an bhanrioghan an fáinne di. Chaith sí an fáinne isteach I soitheach a raibh uisce áirighthe ann, iarna an tsnáith ghlais, sgisn choise duibhe agus maith na gcearc. Tháinig aníos an fear breagh. Bhí an draoidheacht tógtha den tSearrach Gorm.

SEÁN AN BÉAR

Chuaidh rí agus banrioghan amach sa gcoill a' fiadhach. Bhí garda léithe. D'ísligh sí den chapall agus d'ordaigh sí don gharda imtheacht. Thainig béar uirthé agus thug sé leis í chun a bhrocais. Bhí sí dá beathadh sa mbrocais ag an mbéar.

Rugadh mac di sa mbrocais. Thóg sí an mac agus bhí sé a' siubhal amach leis an mbéar. Chuaidh feoil fhuar go maith dó gan bhrúth. D'fhás fionnadh air mar mar bhí ar an mbéar. Bhíodar trí bhliain mar sin gan aon sgéala ag an rí ortha.

Phós an rí annsin. Bhí triúr mac aige leis an darna mnaoi. Nuair a bhí Seán ocht mbliana déag d'aois mharbhuigh sé an béar agus d'éaluigh se féin agus a mháthair ón gcoill. Tháinigéadar chomh fada le teach chailleach na gcearc. D'aithnigh inghean chailleach na gcearc í. D'fhág sí Seán sa teach. Chuaidh sí chomh fada le cúirt a fir. D'aithnigh sé í. Tháinig sé léithe faoi dhéin Sheáin. Chuaidh Seán abhaile leo sa gcóiste. Cuireadh an dara bean abhaile. Choinnigh an rí an triúr mac. Bhíodar féin agus Seán ag dul ar sgoil le chéile. D'eirigh idir iad agus Seán. Mharbhuigh Seán an triúr. Mharbhuigh sé an máighistir gaisgidheachta agus a raibh de ghaisgidhigh ag foghlaim uaidh.

Rinne a athair agus a mháthair meoin annsin é a chur ar siubhal uatha féin go ceann sgathaimh. D'imthigh sé roimhe. Casadh fear leis a bhí a' leigean uisge go dtí teach mór – "Fear an tSaighteáin" – fear an-láidir.

"Is láidir an fear thú" adeir Seán leis.

"Níl láidreacht ar bith ionam ar ghualainn Sheáin an Bhéar a mharbhuigh na céadta agus clann an ríogh."

"Tá mise a' dul ar a thóir sin" adeir Seán.

"An leigfeá mise in éinfheacht leat?" arsa Fear an tSaighteáin.

"Leigfead."

D'imthigheadar le chéile. Casadh fathach sa gcoill leo a bhí a' leagan crann. An comhrádh céanna eatortha. D'imthigh an triúr le chéile. Casadh bádóir leo a bhí a' cur bád treasna loch le sáth dá chois. An comhrádh céadna. D'imthigh an ceathrar. Tháinigéadar go poll mór gan tóin. Ní ghabhfadh aon duine síos ach Seán. Is ar lorg Sheán an Bhéar a bhíodar. Chuaidh Seán síos ar rópa. D'fhan an triúr eile ag béal an phuill. Casadh óigbhean álainn leis. Chuir sí go dtí dreithiúr níos áilne é. Chuir sí sin go dtí dreithiur níos áilne aríst é. Ní phósfadh sí é go marbhuigheadh sé triúr fathach a raibh siad faoi dhraoidheacht aca. Mharbhuigh sé an triúr fathach agus phós sé an inghean ab áilne. Tháinig said go dtí an poll. Thóg an bádóir, an fathach agus Fear an tSaighteáin an triúr ban aníos. D'fhágadar Seán thíos. Chuir na mná an triúr faoi gheasa go ceann bliana. Casadh iolrach le Seán. Chuir an t-iolrach aníos é. Tháinig sé abhaile. Bhí a bhean féin arís aige.

AN BRÁTHAIR BREATHNACH

Ba é easpog na mbráthar i ndíoghóise Chill Alaidh an Bráthair Breathnach. Bhí sé ina chomhnaidhe in Inis Glóire i dteach “Naomh Brianán.” Chuir an t-ardeaspog fios air. Tháinig sé i dtír. Bhí sé tuirseach ocrach de bharr an aistir. Chonnaic sé beirt chailín a’ bleaghan bó trathnóna. D’iarr sé deoch. Dhiúltaigh cailín aca é. Thug an cailín eile deoch dó. Eiriceach an cailín a dhiúltaigh. Eiriceach an máighistir a bhí ortha. Mar sin féin thug sé aontigheas na hoidhche don bhráthair. Bhí cat dubh sa teach le trí ghlúin. Bhí an chéad chuid de gach feoil le fághail aige. Dubhairt an bráthair gan é a thabhairt dó anocht.

Rinne an cat gleo mór. Bhain an bráthair cainnt as. Diabhal a bhí ann, ag faire go bhfágadh sé anam an fhir. Ba leis an diabhal iad. Dhíbir an bráthair an cat. An deoch bhainne a shábháil an fear.

Seán Ó Raghallaigh, Béal Mhuirthéad 1903

TÁILLIÚR NA DREANCAIDE

Loisgeann an táilliúr snáthaid i súil dreancaide. Shíl sé gur gaisgidheach a bhí ann. Fuair sé culaidh ghaisge. Bhí sé sgríobhtha ar dhruim an chóta gurbh é an gaisgidheach ab fhearr sa domhan é. Siubhlann sé roimhe go dtagann sé go dtí teach rí a bhfuil caisleán dá thógáil aige. Tagann triúr fathach gach oidhche agus leagann siad an caisleán. Cuireann an rí an táilliúr a’ faire an chaisleáin. Marbhuiheann sé an triúr fathach. Phós sé inghean an rí.

Antoine Giontaigh a d’innis 1904

RÍ MARÓCA. THE MAGIC FLIGHT

Mac Rí Éireann a rinne aimsir leis an bhfairrge – lá agus bliain. Tháinig long, cuireadh amach bád. Tháinig an bád go dtí an cladach a raibh mac an Rí. Chuaidh sé ar bord na loinge. Cluiche cárdaí aige leis an gcaiptín. Chuir an caiptín faoi gheasa é cathair Rí Maróca a fhághail amach roimhe deire ráithe.

Siubhlann sé roimhe. Casadh isteach i dteach seanmhná é. Leabhra aice ach ach ní féidir léithe faisnéis a fhághail ar chathair Rí Maróca. Cuireann sí go dtí a dreithiúr é. Leabhra ag na dara dreithiúr ach níl aon fhaisnéis aice ar chathair Rí Maróca. Ar maidin siubhlann sí amach ar chnocán in éinfheacht leis. Shéid sí fídeog. Tháinig éanacha an domhain go dtí í ach aon éan amháin, an t-iolrach glas. Fiafruigheann sí díobh cá bhfuil cathair Rí Maróca. Shéid sí aríst. Tháinig an t-iolrach glas. Bhí sé ag ithe sgamhóga mairt i gcathair Rí Maróca nuair a chuala sé an chéad séideadh. Ní féidir leis an mac rí a thabhairt ann, ach deir sé go mbeidh dhá inghin déag Rí Maróca ag teacht a’ snámh san loch in aice leo faoi cheann trí lá. Tagann siad ina dhá n-eala dhéag agus ceol binn suain aca. Deir an t-iolrach leis an mac rí bheith i bhfolach faoin mbruach agus a bheith a’ cartadh croidhe a bhoise le barr sgine ar fhaitchíos go gcuirfeadh an ceol codladh air.

Tháinig an dá eala dhéag. Rug sé ar chochall eala aca agus thug sé leis faoin leic é. An eala ar léithe an cochall d’fhan sí dá chuartú agus d’imthigh an chuid eile. Tháinig sé amach chuide

agus spáin sé an cochall di. Thug sí ar a druim é go cathair Rí Maróca. Cuireann an Rí obair chruadh air – caisleán a leagan. San oidhche déanann an inghean ceo di féin agus teigheann sí tríd poll na heochrach chuige agus tugann sí suipéár maith dó. Déanann sí an obair chruadh dó gach lá. Nuair a bhí an obair déanta aige an tríomhadh lá thairg an rí a rogha de na hinghineacha dó. Bhí socrú déanta ag an inghean a thug go dtí an chathair é, bhí socrú aige go mbeadh cuma cholgach uirthé féin. Bhí. D’aithnigh sí é. D’imthigh an bheirt ar chapall draoidheachta, capall mar a bhí ag an madadh ruadh san sgéal “An t-Éan Órdha” (Micilín).

Fágann sé míle ó theach a athar í. Teann sí suas i gcrann os cionn tobair. Feiceann gréasaidhe í. Tagann sí abhaile leis. Déanann sí cleas ar an ngréasaidhe trí oidhche i ndiaidh a chéile a choinnigheann amuich é. An ceathramha oidhche tá mac an rí le pósadh. Téigheann sí féin agus gréasaidhe chuig an mbainis. Ní aithnigheann an mac rí í. Cuireann sí cearc agus coileach ag cainnt. Aithnigheann sé í agus pósann siad.

Antoine Sírin, Béal Mhuirthead 1903

MAC RÍ BARR NA BHFUIGHLEACH AGUS INGHEAN RÍ NA SORCHA

Mac Rí a bhí ann. Dubhairt a athair leis bean a fhághail agus pósadh. D’imthigh sé go dteigheadh sé go Tír Sorchá ag iarraidh inghean Rí Sorchá. Casadh leis an Gaisgidheach Caol. Bhí sé sin ar an turas céadna. D’iarr an Gaisgidheach Caol air a throid go bhfeicfidís cé aca ab fhearr. Ní throidfeadh sé an Gaisgidheach Caol go bhfeiceadh sé í.

D’imthigheadar go Tír Sorchá. Cheithre chéad fear ag bualadh coirce. D’fhonn an óigbhean a fheiceál téigheann siad féin a’ bualadh coirce. Tagann an rí agus a inghean amach a’ breathnú ar an mbeirt súisteoirí. An dá luath is leag siad súil uirthé tosúigheann siad ortha ag troid. Stop an rí iad. Dubhairt sé leo fanacht go maidin, go gcuirfeadh sé an inghean ina suidhe idir dha dhóras, duine aca do shiubhal amach chaon doras, agus pé bí aca a leanfadh sí bíodh sí aige. Rinne. Lean sí mac Rí na hÉireann. Tháinig an Gaisgidheach Caol suas leis go dtroidfeadh mac an Rí é.

Throid. Bhain sé lámh den Ghaisgidheach Caol. D’imthigh leis go dtáinig sé go dtí Teach na bhFiann.

Chuadar a’ fiadhach. D’fhan seisean ina ndiaidh. Tá sé a’ siubhal ar an gcladach. Tagann curach agus cailleadh innte. Troideann sé léithe. Imthigheann sí arís tráthnóna. Innsigheann sé faoin gcailligh do na Fiannaibh. Tosúigheann siad a’ caoineadh.

“Sin ceann de sheacht gcatha na Féinne ón Domhan Thoir a thigeadh cheithre huair sa mbliain ag cruinniú ardchíosa, go dtiocfadh na seacht gcatha le chéile leis na Fianna a mharbhú faoin droch-cheann a caitheadh leis an gcailligh.”

Imthigheann mac an Rí agus na Fianna go dtí an Domhan Thoir le cath a chur ar sheacht gcatha na Féinne. Tugann a bhean fáinne dó. Tagann siad go dtí an t-oileán a bhfuil seacht gcatha na Féinne. Marbhuigheann mac an Rí iad i ndiaidh a chéile, báicéara, gualéara, tarbh.

Leigeann sé a anam le rí an oileáin ach an t-ardchíos a mhaitheadh do na Fiannaibh agus aisíoc faoi dheich a dhéanamh leo.

Nuair a bhí siad gar do bhaile tháinig an Gaisgidheach Caol ar bord chuca. Bhí sé in ifreann ag iarraidh lámh luaidhe in áit na láimhe a bhain mac an Rí de. Mharbhuigh an Gaisgidheach Caol é. Tháinig a bhean le íocshlainte agus rinne sí beo é.

Antoine Mac Aontaigh a d'innis 1904

AN RÍ BA SHAIDHBHRE A BHÍ IN ÉIRINN ARIAMH

Ceathrar mac agus ceathrar inghean ag an rí saidhbhir seo. Ní thiubhradh sé spré nó roinnt dóibh agus chuaidh siad thar aois an phósta. Mhol comhairleach dó na dreatháracha agus na dreithiúracha a phósadh le chéile. Phós triúr fear den chlann mhac triúr ban den chlann inghean. Bhí mac agus inghean a dhiúltaigh a chomhairle a dhéanamh agus dhíbir an t-athair iad.

D'imthigh an bheirt go bhfuairadar dídean ó sean-laineamhain ar mharbhuigh fathach a dtriúr mac. Chuaidh an mac a' troid leis na fathaigh. Cuireadh faoi gheasa é a dhul go dtí an Domhan Thoir. Phós sé inghean rí an Domhan Thoir. Bhí a dhreithiúr iompuighthe ina aghaidh. Cuireann sí claidheamh crochta os cionn a leaptha agus tuiteann an chloidheamh agus marbhuigheann é. Creidtear gurbh í a bhean a mharbhuigh é agus tá sí le crochadh i gceann bliana. An lá atá socruighthe le n-a crochadh eirigheann sé as an uaigh agus crochtar a dhreithiúr in áir a chéile.

Liam Pléimionn a d'innis 1903

DÍLEACHTAÍ

Rí ar cailleadh a bhean agus a raibh aon mhac aige. Bhí dreithiúr aige ar cailleadh a fear agus a raibh mac aice-se. Thug an rí an dreithiúr chuige féin agus d'imthigh sé i bhfad ó bhaile. Nuair a bhí an rí imthughthe thug an dreithiúr mac an rí do mhaor le n-a thógáil gan leigint air cé a bhí ann. Thóg sagart ina bhuachaill aimsire é. Dhíol an sagart ina sglábhaidhe é le caiptín loinge. Thug an caiptín leis é go réagún eicint a raibh rí. Bhí an rí agus a inghean ag bádóireacht sa gcaladh. Thuit an inghean as an mbád. Ba é an sglábhaidhe a shábháil í. Cheannuigh an rí seo an sglábhaidhe.

Tuiteann inghean an rí agus an sglábhaidhe i ngrádh. Aithnigheann an rí go bhfuil fuil uasal ann agus aontuigheann sé. Cuirtear tuairisg an chaipitín, an tsagairt, an mhaoir. Insigheann an maor cé uaidh a fuair sé an gasúr. Admhuigheann dreithiúr an rí a coir féin. Níor eirigh léithe a mac féin a chur ina áit.

Liam Pléimionn a d'innis 1903

FÍOS BÁS AN SGÉALOIDHE AGUS A CHLAIDHEAMH SOLUIS

Ardrí Mhic Conncha, bhí aon mhac amháin aige. Álainn an t-ainm a bhí air. Castar leis cailleach i Leithrid an Droichid ag Binn Éadain Mhic Éinric. Cuireann an chailleach faoi gheasa é Fios Bás an sgéalaidhe agus a chlaidheamh soluis a fhágáil. Tá sé pósta le bean a thug an chailleach chuige. Níor leig an bhean dó imtheacht go ceann trí ráithe gur rugadh an chéad pháiste. Lá agus bliain a thug an chailleach de spás dó. Ní raibh aige annsin ach ráithe. D'imthigh sé. Casadh isteach i dteach seanóra é. Ní raibh ann ach é féin agus a sheanbhean. Insigheann sé dóibh fáth a thurais. Ní leigeann an seanfhear tada air ach tosuigheann sé ag innseacht sgéil.

Cheap se fear fiadháin sa gcoill agus thug sé chun tíoramhlacht é. D'eirigh an fear fiadháin agus bean an tseanóra mór le chéile. Chuir an bhean an seanfhear faoi dhraoidheacht, cloch ghlas, gearán bán, madra alla. Ina mhadra alla tá sé ina pheata ag rí. Páiste ag an rí. Bhí lámh mhór anuas an simléara ag iarraidh an páiste a fhuadach. Ionnsuigheann an madra alla an lámh. Bhain sé ón ngualainn í.

Teigheann an páiste amach ag siubhal leis an madra alla. Lá dá rabhadar amuich casadh fear mór leo. Bhuail sé an madra alla de shlaitín draoidheachta agus rinne sé duine de – mar bhí sé ariamh. Go leor gasúir in éinfheacht leis an bhfear mór seo. Gasúir a d'fuaigh an fathach iad. Tá an fathach ar leath-lámh. Tá an caisleán in aice leo. Teigheann an madra alla atá ina fhear faoi láthair agus na gasúir go dtí caisleán an fhathaigh. Tá sé ina chodladh. Faigheann gasúr aca claidheamh an fhathaigh agus marbhuigheann é. Buailtear de shlaitín draoidheachta an rí arís agus rinneadh madra alla dhe. Tugann sé an páiste agus gasúir an fhathaigh thar an abhainn go dtí cúirt an rí. Buailtear den tsaitín draoidheachta arís é agus déantar rí de. Tugann an rí saidhbhreas mór dó agus teigheann sé abhaile. Sin é deireadh an sgéil.

Tugann sé an chlaidheamh soluis do Álainn. Tagann Álainn abhaile agus marbhuigheann se cailleach Droichid Bhinn Éadain.

I dteach na mbocht bhéal Muirthead a d'innis Antoine Sírin an sgéal 1903

TRIÚR MAC NA BARR-SGOLÓIGE

Mac le bheith ina phápa
Mac a shlugfadh an talamh
Mac leis an gcroich

Shluig an talamh an fann-mhac. D'imthigh an mac a bhí le bheith ina phápa go dtí an Róimh. D'eirigh fear na croiche amach ina ghadaidhe. Ghoid sé muc leis an rí. Féachann sé mórán bearta leis an ngadaidhe a cheapadh ach ní eirigheann leis. Rinne sé amadán de rí. Maitheann an rí chuile rud dó ar choingheal go ndéanfadh sé amadán de rí Shasana. Rinne. Pósann sé inghean Rí na hÉireann agus ní crochtar é.

Antoine Giuntaigh a' d'innis 1903

GÁIRDÍN BHEARDAS

Rí a raibh beirt mhac aige. D'éirigh sé tinn. Ní leigheasfadh rud ar bith é ach ubhla as gáirdín Bheardas sa bhFrainnc.

Dhiúltaigh an mac ba shine a dhul ina gcoinne. Chuaidh an dara mac ag triall ar gháirdín Bheardais. Tá garda de bheithidhigh éagsúla ar an ngáirdín. Tá siad in ndúiseacht seacht mbliana agus coighcís ina gcodladh. Tá abhainn ar an mbealach go dtí an gáirdín nach féidir a sháru mar a dtugann an eala an taistealaidhe treasna.

Tugann an eala treasna é. Eirigheann leis an gáirdín a shroicheadh an choighcís a bhfuil na beithidhigh ina gcodladh. Siubhlann sé isteach ortha. Tógann ubhall. Le neart sgannruighthe ritheann sé amach annsin. Téigheann sé ar ais arís. Liónann sé naipcín de na hubhlaibh. Teigheann se níos fuide. Chídheann se buidéal fíona. Tógann sé leis é. Teidheann sé níos fuide. Chídheann sé grianán agus bean álainn ina codladh ann. Crios uirthé agus a hainm ar an gcrios. Goideann sé an chrios agus geannmnaidheacht na mná. Éaluigheann sé as an ngáirdín.

Tagann sé abhaile. Ar an mbealach dó tugann sé ubhall do na seanóirí a chuir ar an eolas é. Gníonn an t-ubhall an seanóir óg.

Tá an mac is sine éadmhar leis agus tá dúil aige é a mharbhú. Tá sé ag feitheamh leis ar an mbóthar. Caitheann sé na hubhla ag an dreatháir is sine agus tugann sé a anam leis. Teigheann an dreatháir is sine go dtí an t-athair leis an hubhla. Leigheasann na hubhla é agus creideann sé gurbh é an dreatháir is sine a bhain amach iad. Tugann sé isteach ubhla nimhe agus deir sé gurbh shin iad a thug an dreatháir óg abhaile d'fhonn an t-athair a mharbhú. Ruaigheann an rí an mac óg.

I gceann achair tagann an bhean a bhí sa ngrianán i ngáirdín Bheardas ag iarraidh athair a páiste. Leigheann an dreatháir is sine air gurbh é féin é ach níl an cruthú aige. Baineann sí an ceann de. Tagann an mac is óige ón gcoill agus tá na cruthú aige – an crios agus an buidéal. Pósann siad.

Pádraic Ó Midhia a d'innis 1903

CORMAC MAC AIRT

Impire na Tuircéise phós sé inghean Rí na Frainnne. Rugadh an chéad mhac sa gcoill. Thug madra alla leis an páiste, ach bhain sí ladhraicín na coise dhe sul má sgiob an madra alla uaithe é. D'imthigh sí as an rioghacht le náire. Tháinig sí go Connachtaibh. Fuair sí bráca agus paiste talmhan ó Rí Connachtaibh in aice le Loch Con.

Fuarthas an mac sa gcoill nuair a bhí sé seacht mbliana d'aois. Thóg an t-impire é. Chaula sé óna leas-mháthair gurb é an madra alla a thóg é agus narbh fhios cérbh í a mháthair nó cérbh é a athair. D'imthigh sé roimhe go dtáinig sé isteach i mbráca a mháthar. Nuair a bhí sé a' folcadh a chos chonnaic sí an ladhraicín uireasbach.

Marbhuigheann na madraí uisge Rí Connachtaibh agus tagann mac Impire na Tuircéise i seilbh. Sé Cormac Mac Airt é. Bhí an toradh céadtach ar shaothar na ndaoine lena linn. Níor luigh bó ó shoin gan trí osna I ndiaidh an fhéir a bhí ann lena linn. Ní bheidh an saoghal sin ar thalamh na hÉireann go dtigfidh Ball Dearg Ó Domhnaill.

Eachtraí móra gaisgidh ag Cormac ar thóir an Claidhimh Soluis an Mhacáin Mhóir.

Liam Pléimionn a d'innis 1903